# Corrthoghcháin na Dála an 29 Samhain 2019

# Tuarascáil an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
# leis an gCeann Comhairle
# de bhun an Achta Toghcháin, 1997 arna leasú

Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
6 Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2
D02 W773
Guthán: (01) 6395666
Ríomhphost: info@sipo.ie
Láithreán gréasáin: www.sipo.ie
Twitter: @SIPOCIreland

Nollaig 2020

## Brollach

Ar iarraidh an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, cuirim an tuarascáil seo ar thabhartais agus costais ag corrthoghchán na Dála 2019 faoi bhráid Chathaoirleach Dháil Éireann (an Ceann Comhairle), i gcomhréir le halt 4(1) den *Acht Toghcháin, 1997*, arna leasú (an tAcht).

Cuireadh ráitis na dtabhartas agus na dearbhuithe reachtúla a dtagraítear dóibh sa tuarascáil ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin de bhun alt 24 den Acht agus cuireadh na deimhnithe tabhartais airgeadaíochta/na dearbhuithe agus na ráitis reachtúla ó institiúidí airgeadais ar fáil de bhun alt 23B den Acht. Cuireadh na ráitis ar chostais toghcháin ar fáil de bhun alt 36 den Acht.

Is féidir leat teacht ar eolas mionsonraithe faoi riachtanais na reachtaíochta a bhaineann le:

- tabhartais pholaitiúla a nochtadh,
- teorainneacha atá ar luachanna tabhartas ar féidir glacadh leo,
- tabhartais choiscthe,
- teorainneacha ar airgead a chaitheamh ar thoghchán, agus
- costais toghcháin a aisíoc le hiarrthóirí cáilithe

in *Treoirlínte maidir le Corrthoghcháin na Dála 2019* an Choimisiúin um Chaighdeáin, atá ar fáil ag www.sipo.ie.

Sherry Perreault
Ceann Eitice agus Rialála Brústocaireachta
Rúnaí leis an gCoimisiún
Nollaig 2020

# Caibidil 1: Réamhrá

Foráiltear san *Acht Toghcháin 1997*, arna leasú ('an tAcht'), do thabhartais a nochtadh d'iarrthóirí agus do pháirtithe ag corrthoghchán na Dála, anuas ar chostais toghcháin iarrthóirí, ghníomhairí iarrthóirí agus ghníomhairí náisiúnta páirtithe polaitíochta a nochtadh.

Thit lá na vótála amach do chorrthoghchán na Dála 2019 an 29 Samhain 2019. Cuireadh corrthoghcháin ar bun i gceithre thoghcheantar: Corcaigh Thuaidh-Lár, Baile Átha Cliath-Fine Gall, Baile Átha Cliath Thiar Meán agus Loch Garman. Chuaigh daichead a sé iarrthóir san iomaíocht sna corrthoghcháin: 12 i gCorcaigh Thuaidh-Lár, 12 i mBaile Átha Cliath-Fine Gall, 13 i mBaile Átha Cliath Thiar Meán agus 9 i Loch Garman.

Tá ar iarrthóirí rathúla ag an toghchán, mar Bhaill de Dháil Éireann (TDanna), ráiteas bliantúil tabhartas agus an cháipéisíocht a ghabhann leis a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin faoin 31 Eanáir sa bhliain i ndiaidh an toghcháin, agus gach bliain ina dhiaidh sin fad is Feisire de Pharlaimint na hEorpa (FPE) iad. Caithfear a áireamh le ráitis na dtabhartas atá le soláthar maidir le 2019 sonraí faoi aon tabhartais a fuarthas i rith 2019, iad siúd ina measc a fuarthas maidir leis an gcorrthoghchán.

I gcomhréir le forálacha Chuid IV den Acht, ceanglaíodh ar iarrthóirí ag corrthoghchán na Dála, laistigh de 56 lá i ndiaidh lá na vótála (i.e. faoin 24 Eanáir 2020), ráiteas tabhartas, deimhniú tabhartais airgeadaíochta, dearbhú reachtúil agus/nó ráiteas bainc a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin. Ba ghá sonraí a nochtadh faoi na tabhartais go léir ar a raibh luach níos mó ná €600 a fuair iarrthóirí neamhrathúla maidir leis an toghchán.

Foráiltear i gCuid V den Acht go gceanglaítear ar ghníomhaire toghcháin gach iarrthóra ag corrthoghchán na Dála, cibé acu má bhíonn nó mura sé nó rí rathúil, chun ráiteas ar chostais toghcháin a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin laistigh de 56 lá i ndiaidh lá na vótála (i.e. faoin 24 Eanáir 2020). Caithfear sonraí faoi na costais go léir a thabhaigh agus a rinne an gníomhaire toghcháin thar ceann an iarrthóra ag an toghchán a bheith san áireamh sa ráiteas ar chostais toghcháin. Teastaíonn ráiteas ar chostais toghcháin freisin ó ghníomhaire náisiúnta gach páirtí polaitíochta a bhfuil a n-iarrthóirí ag dul san iomaíocht sa toghchán agus ó "dhaoine eile" a thabhaigh costais toghcháin.

Thug an Coimisiún aird ar na treoirlínte a d'eisigh sé roimh chorrthoghchán na Dála agus scrúdaigh sé gach ráiteas a fuarthas lena chinntiú gur comhlíonadh na treoirlínte agus an reachtaíocht. Bunaithe ar an eolas a fuarthas, níl aon fhianaise ag an gCoimisiún maidir leis an méid seo a leanas:

- sháraigh aon iarrthóir an teorainn chaiteachais,
- fuair aon iarrthóir aisíocaíocht do chostais toghcháin maidir le caiteachas nár chostas toghcháin é, nó
- fuair iarrthóirí aon tabhartais choiscthe.

## Caibidil 2: Eolas ginearálta maidir le corrthoghchán na Dála

D'fhoilsigh an Coimisiún treoirlínte i ndiaidh gur eisíodh ordú vótála chorrthoghchán na Dála. Ba é cuspóir na dtreoirlínte chun eolas a chur ar fáil d'iarrthóirí ionchasacha ar na hoibleagáidí a ghlacfaidís dá roghnóidís dul san iomaíocht, agus chun cabhrú le hiarrthóirí a n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Acht. Pléadh sna treoirlínte tabhartais pholaitiúla a ghlacadh agus a nochtadh, tabhartais choiscthe, cuntais tabhartais pholaitiúil, airgead a chaitheamh ar an toghchán agus costais toghcháin a aisíoc le hiarrthóirí cáilithe.

Tugadh cuireadh d'iarrthóirí agus gníomhairí toghcháin chun casadh le baill de Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeáin dá mba mhian leo chun plé a dhéanamh ar a n-oibleagáidí faoin Acht.

Seo a leanas achoimre ar eolas faoi thabhartais a cheadaítear, faoi mar a leagtar amach sa reachtaíocht.

| | |
|---|---|
| **An cuntas tabhartas polaitiúil** | Caithfidh iarrthóir cuntas tabhartas polaitiúil a oscailt (mura bhfuil ceann i bhfeidhm cheana féin) i ndiaidh tabhartas **€100** a fháil. |
| **Tabhartais airgid thirim** | Is é **€200** an tabhartas uasta airgid thirim is féidir le hiarrthóir a ghlacadh ó dheontóir in aon bhliain féilire. |
| **Deontóirí corparáideacha** | Is é **€200** an tabhartas uasta is féidir le hiarrthóir a ghlacadh ó dheontóir corparáideach in aon bhliain féilire murach go bhfuil an deontóir corparáideach cláraithe i gClár na nDeontóirí Corparáideacha atá á choimeád ag an gCoimisiún. |
| **Deontóirí aonair** | • Is é **€1,000** an tabhartas uasta ar féidir le hiarrthóir a ghlacadh i mbliain ar leith ó dheontóir aonair nó ó dheontóir corparáideach cláraithe<br>• Caithfear gach tabhartas a fuair iarrthóir a sháraíonn **€600**a nochtadh ar Ráiteas na dTabhartas. |
| **Tabhartais iolracha** | Nuair a dhéanann deontóir tabhartas le beirt fhaighteoirí nó níos mó (baill iolracha den pháirtí céanna nó le ball páirtí amháin nó níos mó agus leis an bpáirtí féin), ar mó ná **€1,500** luach comhiomlán an tabhartais, tá air/uirthi foirm thabhartais a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoi alt 24(1)(a) |
| **Tabhartais choiscthe** | • Ní féidir glacadh le tabhartas gan ainm a sháraíonn **€100**<br>• Ní féidir glacadh le tabhartais eachtracha, ar luach ar bith, ó áiteanna lasmuigh d'oileán na hÉireann, seachas ó shaoránach Éireannach nó ó ghnólacht lasmuigh d'oileán na hÉireann mura bhfuil oifig ag an ngnólacht sin ar oileán na hÉireann óna ndéantar ar a laghad ceann amháin dá phríomhghníomhaíochtaí a stiúradh. |

## Dátaí agus teorainneacha ábhartha

| | |
|---|---|
| **Ón 7 go dtí an 29 Samhain 2019** | Tréimhse an toghcháin |
| **An 13 Eanáir 2020** (45 lá i ndiaidh lá na vótála) | Caithfear éilimh ar chostais toghcháin ó sholáthraithe a bheith faighte ag an ngníomhaire toghcháin faoin dáta seo. Ní féidir sonraisc a fhaightear i ndiaidh an dáta seo a íoc. |
| **An 24 Eanáir 2020** (56 lá i ndiaidh lá na vótála) | An dáta faoinar gá ráiteas tabhartas/deimhniú tabhartais airgeadaíochta/ráitis bhainc a bheith curtha faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin ag iarrthóirí neamhrathúla |
| **An 24 Eanáir 2020** (56 lá i ndiaidh lá na vótála) | An dáta faoinár gá ráitis agus sonraisc chostais toghcháin a bheith curtha faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin ag gníomhairí toghcháin |
| **€8,700** | An aisíocaíocht uasta ar chostais toghcháin is féidir le hiarrthóir cáilitheach a éileamh |
| **An 31 Eanáir 2020** | An dáta faoina raibh a dtuairisceáin bhliantúla, ráitis tabhartas, deimhniú tabhartais airgeadaíochta agus ráitis bhainc san áireamh, le bheith curtha faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin ag iarrthóirí rathúla. |

| **Toghcheantar ceithre shuíochán**<br><br>**Teorainn chaiteachais €37,650** | **Toghcheantar cúig shuíochán**<br><br>**Teorainn chaiteachais €45,200** |
|---|---|
| • Corcaigh Thuaidh-Lár<br><br>• Baile Átha Cliath Thiar Meán | • Baile Átha Cliath-Fine Gall<br><br>• Loch Garman |

# Caibidil 3: Tabhartais a nochtadh ag iarrthóirí neamhrathúla

## 3.1 Ráitis tabhartas agus deimhnithe tabhartais airgeadaíochta a fuarthas ó iarrthóirí neamhrathúla

Caithfidh iarrthóirí neamhrathúla ráiteas tabhartas a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin laistigh de 56 lá i ndiaidh lá na vótála. Caithfear sonraí a thabhairt sa ráiteas tabhartas faoi na tabhartais go léir a fuarthas maidir leis an toghchán ar a raibh luach níos mó ná €600.

Caithfear deimhniú tabhartais airgeadaíochta a sholáthar don Choimisiún um Chaighdeáin freisin laistigh de 56 lá i ndiaidh lá na vótála, a dheimhníonn gur taisceadh gach tabhartas airgeadaíochta a fuarthas isteach i gcuntas tabhartas polaitiúil an iarrthóra agus gur úsáideadh gach suim a cuireadh do dhochar ón gcuntas ar chuspóirí polaitiúla. Caithfidh an t-iarrthóir an deimhniú tabhartais airgeadaíochta agus ráiteas na dtabhartas a shíniú agus caithfear dearbhú agus/nó ráiteas reachtúil ó institiúid airgeadais gabháil leis.

## 3.2 Tabhartais a nochtar

I gcomhréir le halt 4(1) den Acht, rinne an Coimisiún um Chaighdeáin breithniú ar ráitis na dtabhartas a sholáthair gach iarrthóir neamhrathúil ag corrthoghchán na Dála.

B'ionann luach na dtabhartas a dhearbhaigh na hiarrthóirí neamhrathúla ag corrthoghchán na Dála agus **€2,000**. Tugtar achoimre sa tábla thíos ar na tabhartais a dhearbhaigh na hiarrthóirí.

### Tábla 1: Achoimre ar thabhartais a nocht iarrthóirí neamhrathúla

| **Iarrthóir** | **Páirtí** | **Líon tabhartas** | **Luach an tabhartais €** |
|---|---|---|---|
| Peter Kavanagh | An Comhaontas Glas | 1 | 1,000 |
| Joanna Tuffy | Páirtí an Lucht Oibre | 1 | 1,000 |
| **Iomlán** | | | **2,000** |

Foráiltear in Ailt 23A(1)(i) agus (ii) den Acht, sa chás go bhfaightear tabhartas a sháraíonn an teorainn atá ceadaithe, caithfear an tabhartas a thabhairt ar ais don deontóir nó, más tabhartas airgeadaíochta é, caithfear an chuid den tabhartas a sháraíonn an teorainn a thabhairt ar ais don deontóir, laistigh de 14 lá i ndiaidh go bhfuarthas é. Caithfear taifead scríofa ar an tuairisceán a choimeád ar mhaithe le hé a sholáthar don Choimisiún um Chaighdeáin, más gá; nó caithfidh faighteoir an tabhartais fógra a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin go bhfuarthas an tabhartas laistigh de 14 lá agus an tabhartas nó luach

an tabhartais a aisíoc leis an gCoimisiún um Chaighdeáin.  I gcás tabhartas airgeadaíochta, caithfear an chuid de a sháraíonn an teorainn a thabhairt ar ais nó a aisíoc.

# Caibidil 4: Caiteachas olltoghcháin i measc iarrthóirí agus páirtithe polaitíochta

## 4.1 Sainmhíniú ar chaiteachas toghcháin

Foráiltear in Alt 31(1) den Acht gurb iad costais toghcháin na costais siúd, agus na costais siúd amháin, a leagtar amach i mír 1 den Sceideal leis an Acht, a thabhaítear ar réadmhaoin, earraí nó seirbhísí a sholáthar atá le húsáid ag an toghchán i rith thréimhse an toghcháin (ón 7 go dtí an 29 Samhain 2019) chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- leasanna páirtí polaitíochta nó iarrthóir a thoghadh nó grúpa polaitíochta a cruthaíodh i gcomhréir le rialacha nós imeachta Pharlaimint na hEorpa a chur chun cinn nó cur ina n-aghaidh; nó
- beartais pháirtí polaitíochta nó tuairimí páirtí polaitíochta faoi bheartais pháirtí polaitíochta nó iarrthóra eile ag an toghchán a chur i láthair; nó
- iarrthóir a thoghadh ag an toghchán a chur chun cinn nó cur ina aghaidh, go díreach nó go hindíreach, nó vótaí ar son nó in aghaidh iarrthóra ag an toghchán a iarraidh; nó
- beartais iarrthóra nó dearcthaí iarrthóra faoi aon cheist a bhaineann leis an toghchán nó tuairimí páirtí polaitíochta faoi bheartais pháirtí polaitíochta nó iarrthóra eile ag an toghchán a chur i láthair; nó
- tionchar a imirt ar thoradh an toghcháin ar bhealach eile.

Meastar gur costas toghcháin é réadmhaoin, earraí nó seirbhísí a sholáthar i rith na tréimhse, saor in aisce nó faoi bhun an chostais, a úsáidtear ag an toghchán agus caithfear é a chur i gcuntas ar a phraghas iomlán tráchtála, lúide aon ghnáthlascaine nó aon lascaine ghinearálta a d'fhéadfadh a bheith ar fáil.

## 4.2 Teorainneacha ar chaiteachas

Ba é €45,200 an teorainn chaiteachais reachtúil do chorrthoghchán na Dála 2019 do na toghcheantair cúig shuíochán (Baile Átha Cliath-Fine Gall agus Loch Garman) agus €37,650 maidir leis na toghcheantair ceithre shuíochán (Corcaigh Thuaidh-Lár agus Baile Átha Cliath Thiar Meán).

Cuirtear CBL san áireamh sa teorainn ar chaiteachas reachtúil do gach iarrthóir. Is ionann an teorainn reachtúil agus an caiteachas uasta a cheadaítear ar iarrthóir agus cuirtear san áireamh ann an t-airgead go léir a chaitheann an gníomhaire toghcháin agus páirtí polaitíochta (ceannoifig agus eagraíocht áitiúil araon) ar iarrthóir. Ní cheadaítear aon chaiteachas ar leith nó breise ag páirtí polaitíochta ar iarrthóir sa bhreis ar an méid sin a shann an t-iarrthóir don pháirtí.

## 4.3 Tréimhse an toghcháin

Baineann an teorainn ar chaiteachas ag corrthoghchán na Dála le gach costais a thabhaítear agus gach íocaíocht a dhéantar chun réadmhaoin, earraí nó seirbhísí a sholáthar a úsáidtear ar chuspóirí toghcháin i rith "thréimhse an toghcháin". Foráiltear in Alt 31(3)(a)(ii) den Acht gurb í tréimhse an toghcháin ag corrthoghchán na Dála ón dáta a eisíodh an eascaire a cheapann lá na vótála dar críoch lá na vótála ag an toghchán, an dá dháta sin san áireamh. Ba é an dáta a eisíodh an t-eascaire a shocraigh lá na vótála an 7 Samhain 2019, agus thit lá na vótála amach an 29 Samhain 2019.

## 4.4 Ráitis ar chostais toghcháin

Bhí ráitis ar chostais toghcháin agus foirm dhearbhaithe reachtúil ag teastáil ó ghníomhairí toghcháin gach iarrthóra a chuaigh san iomaíocht i gcorrthoghchán na Dála laistigh de 56 lá i ndiaidh lá na vótála (i.e. faoin 24 Eanáir 2020).

Bhí ráiteas ar chostais toghcháin agus dearbhú reachtúil ag teastáil faoin spriocdháta céanna ó ghníomhairí náisiúnta na bpáirtithe polaitíochta go léir a raibh iarrthóirí acu a chuaigh san iomaíocht sa toghchán.

## 4.5 Daoine ar atreoraíodh iad go dtí an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí

Is cion é má theiptear ráiteas tabhartas, deimhniú tabhartais airgeadaíochta nó ráiteas ó institiúid airgeadais a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin faoin spriocdháta reachtúil.

Is cion é freisin má theiptear ráiteas ar chostais toghcháin agus dearbhú reachtúil a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin faoin spriocdháta reachtúil.

Nuair atá an Coimisiún faoin tuairim gur sáraíodh an tAcht, is féidir leis an cheist a chur faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (an SIP). Rinne an Coimisiún um Chaighdeáin beirt iarrthóirí / ghníomhairí toghcháin a atreorú go dtí an SIP, ag tráth a dréachtaíodh an tuarascáil, mar gheall gur theip orthu an cháipéisíocht ábhartha reachtúil a sheoladh ar aghaidh faoin spriocdháta reachtúil.

Bhí roinnt ceisteanna a bhain le hiarrthóirí eile le réiteach go fóill ag an tráth a dréachtaíodh an the tuarascáil. Is féidir atreoruithe eile go dtí an SIP a dhéanamh in am agus i dtráth, nuair is gá.

## 4.6 Caiteachas a tuairiscíodh ag corrthoghchán na Dála

Is féidir teacht ar shonraí faoin gcaiteachas a dearbhaíodh ag corrthoghchán na Dála 2019 sna táblaí seo a leanas.

*Nóta: d'fhéadfadh nach ionann na hiomláin de bharr slánú.*

## Tábla 2: Léargas ginearálta ar chaiteachas a tuairiscíodh ag corrthoghchán na Dála 2019

| Caiteachas Toghcheantair/ Iarrthóra<br><br>€ | Caiteachas Gníomhaire/Páirtí Náisiúnta ar iarrthóirí<br><br>€ | Caiteachas Gníomhaire/Páirtí Náisiúnta go náisiúnta ("Caiteachas Náisiúnta")<br><br>€ | Caiteachas Iomlán<br><br>€ |
|---|---|---|---|
| 128,246 | 295,982 | 7,782 | 432,010 |

## Tábla 3: Caiteachas foriomlán a tuairiscíodh ag corrthoghchán na Dála 2019 ag páirtí polaitíochta (caiteachas ag páirtí náisiúnta agus caiteachas iarrthóra san áireamh)*

| Páirtí Polaitiúil | Caiteachas Gníomhaire/Páirtí Náisiúnta ar iarrthóirí<br><br>€ | Caiteachas Gníomhaire/Páirtí Náisiúnta ar iarrthóirí<br><br>€ | Caiteachas Gníomhaire/Páirtí Náisiúnta go náisiúnta ("Caiteachas Náisiúnta")<br><br>€ | Caiteachas Iomlán<br><br>€ |
|---|---|---|---|---|
| Aontú | 897 | 12,531 | — | **13,428** |
| Fianna Fáil | 8,140 | 107,015 | 2,398 | **117,553** |
| Fine Gael | 31,519 | 75,930 | 5,250 | **112,699** |
| An Comhaontas Glas | 10,955 | 15,942 | 51 | **26,948** |
| Independents 4 Change | 9,321 | — | — | **9,321** |
| Irish Freedom Party | 2,105 | 1,848 | — | **3,953** |
| Páirtí an Lucht Oibre | 11,052 | 36,857 | — | **47,909** |
| Neamhpháirtí | 17,236 | — | — | **17,236** |
| Sinn Féin | 13,078 | 39,903 | 82 | **53,064** |
| Na Daonlathaigh Shóisialta | 4,713 | 5,956 | — | **10,668** |
| Dlúthpháirtíocht – Pobal Roimh Bhrabús | 16,615 | — | — | **16,615** |
| Páirtí na nOibrithe | 2,615 | — | — | **2,615** |
| **Iomlán** | **128,246** | **295,982** | **7,782** | **432,010** |

## Tábla 4: Miondealú ar chaiteachas náisiúnta tuairiscithe ag páirtí polaitíochta

| Páirtí Polaitiúil | Fógraíocht | Poiblíocht | Póstaeir | Ábhair Eile | Oifig agus Páipéarachas | Iompar agus Taisteal | Taighde Margaidh | Oibrithe Feachtais | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Aontú | — | — | — | — | — | — | — | — | **—** |
| Fianna Fáil | 2,398 | — | — | — | — | — | — | — | **2,398** |
| Fine Gael | 101 | 5,149 | — | — | — | — | — | — | **5,250** |
| An Comhaontas Glas | 51 | — | — | — | — | — | — | — | **51** |
| Independents 4 Change | — | — | — | — | — | — | — | — | **—** |
| Irish Freedom Party | — | — | — | — | — | — | — | — | **—** |
| Páirtí an Lucht Oibre | — | — | — | — | — | — | — | — | **—** |
| Sinn Féin | 82 | — | — | — | — | — | — | — | **82** |
| Na Daonlathaigh Shóisialta | — | — | — | — | — | — | — | — | **—** |
| Dlúthpháirtíocht – Pobal Roimh Bhrabús | — | — | — | — | — | — | — | — | **—** |
| Páirtí na nOibrithe | — | — | — | — | — | — | — | — | **—** |
| **Iomlán** | **2,632** | **5,149** | **—** | **—** | **—** | **—** | **—** | **—** | **7,782** |

## Tábla 5: Miondealú ar chaiteachas ag páirtithe polaitíochta ar iarrthóirí

| Páirtí Polaitiúil | Fógraíocht | Poiblíocht | Póstaeir | Ábhair Eile | Oifig agus Páipéarachas | Iompar agus Taisteal | Taighde Margaidh | Oibrithe Feachtais | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Aontú | — | — | 12,381 | 150 | — | — | — | — | **12,531** |
| Fianna Fáil | 15,209 | 7,158 | 46,947 | 29,252 | 8,449 | — | — | — | **107,015** |
| Fine Gael | 22,283 | 5,289 | 33,031 | 14,771 | 555 | — | — | — | **75,930** |
| An Comhaontas Glas | 8,344 | 2,627 | 3,278 | 1,694 | — | — | — | — | **15,942** |
| Independents 4 Change | — | — | — | — | — | — | — | — | **—** |
| Irish Freedom Party | — | 1,848 | — | — | — | — | — | — | **1,848** |
| Páirtí an Lucht Oibre | 2,296 | 3,887 | 20,490 | 10,183 | — | — | — | — | **36,857** |
| Sinn Féin | 1,695 | 2,400 | 25,045 | 8,997 | 1,765 | — | — | — | **39,903** |
| Na Daonlathaigh Shóisialta | 730 | — | 3,832 | 1,393 | — | — | — | — | **5,956** |
| Dlúthpháirtíocht – Pobal Roimh Bhrabús | — | — | — | — | — | — | — | — | **—** |
| Páirtí na nOibrithe | — | — | — | — | — | — | — | — | **—** |
| **Iomlán** | **50,558** | **23,208** | **145,005** | **66,441** | **10,770** | **—** | **—** | **—** | **295,982** |

## Tábla 6: Miondealú ar chaiteachas tuairiscithe ag iarrthóirí

| Páirtí Polaitiúil | Fógraíocht | Poiblíocht | Póstaeir | Ábhair Eile | Oifig agus Páipéarachas | Iompar agus Taisteal | Taighde Margaidh | Oibrithe Feachtais | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Aontú | — | — | 208 | 689 | — | — | — | — | **897** |
| Fianna Fáil | 4,672 | — | — | 2,852 | 615 | — | — | — | **8,140** |
| Fine Gael | 14,585 | — | 7,160 | 8,444 | 204 | 1,027 | — | 99 | **31,519** |
| An Comhaontas Glas | 1,554 | 85 | 4,630 | 4,248 | — | 438 | — | — | **10,955** |
| Independents 4 Change | 246 | — | 3,372 | 5,461 | — | 242 | — | — | **9,321** |
| Irish Freedom Party | — | — | — | 2,005 | — | 100 | — | — | **2,105** |
| Páirtí an Lucht Oibre | 1,467 | — | 1,750 | 7,624 | 212 | — | — | — | **11,052** |
| Neamhpháirtí | 2,060 | — | 3,065 | 11,938 | 113 | 60 | — | — | **17,236** |
| Sinn Féin | 4,969 | — | 2,191 | 4,574 | 1,244 | 100 | — | — | **13,078** |
| Na Daonlathaigh Shóisialta | 299 | — | 3,070 | 1,002 | 68 | 110 | — | 163 | **4,713** |
| Dlúthpháirtíocht – Pobal Roimh Bhrabús | 123 | 100 | 6,223 | 9,703 | 300 | 166 | — | — | **16,615** |
| Páirtí na nOibrithe | — | — | — | 2,615 | — | — | — | — | **2,615** |
| **Iomlán** | **29,975** | **185** | **31,670** | **61,156** | **2,756** | **2,244** | **—** | **262** | **128,246** |

# Caibidil 5: Costais toghcháin iarrthóirí a aisíoc

Chun cáiliú d'aisíocaíocht, caithfidh iarrthóir ceachtar den dá choinníoll seo a leanas a shásamh:

- a bheith tofa ag an toghchán, nó
- murar toghadh é/í, caithfidh gur sháraigh na vótaí a caitheadh ar a s(h)on an ceathrú cuid den chuóta ag aon tráth a bhí vótaí á gcomhaireamh.

Is é an méid uasta is féidir a aisíoc le hiarrthóirí cáilithe ag corrthoghchán na Dála €8,700. Bhí iarrthóirí a cháiligh d'aisíocaíocht incháilithe, ar an ábhar sin, chun pé méid is lú a fháil den mhéid sin nó an méid féin sin a fháil de na costais toghcháin a thabhaíodh thar a gceann ag an toghchán.

Ceanglaítear ar an gCoimisiún um Chaighdeáin faoi alt 21(d) den Acht a dheimhniú don Aire Airgeadais go bhfuil iarrthóir incháilithe chun aisíocaíocht a c(h)ostas toghcháin a fháil. Is é cleachtas an Choimisiúin um Chaighdeáin gan foirm iarratais a eisiúint chun costais toghcháin a aisíoc d'iarrthóir cáilithe go dtí an tráth sin gur tugadh gach ceist a bhaineann le cur i gcrích a t(h)uairisceán reachtúil chun críche.

Cáilíodh 28 iarrthóir, ar an iomlán, i gcorrthoghchán na Dála 2019 chun aisíocaíocht costais toghcháin a fháil. D'íoc an Státchiste €193,606, ar an iomlán, go dtí seo le 26 as na 28 iarrthóir a cháiligh d'aisíocaíocht costais toghcháin. Tá ceisteanna fós le réiteach maidir le dhá cheann de na tuairisceáin a sholáthair iarrthóirí cáilitheacha.

## Tábla 7: Aisíocaíochtaí a fhaomhadh

| Líon na n-iarrthóirí cáilithe | Líon na n-aisíocaíochtaí a eisíodh | Luach iomlán na n-aisíocaíochtaí a eisíodh go dtí seo |
|---:|---:|---:|
| 28 | 26 | 193,606 |

## Caibidil 6: Ráitis tabhartas agus ráitis ar chostais toghcháin a fhoilsiú a soláthraíodh don Choimisiún um Chaighdeáin.

I gcomhréir le halt 24(7) den Acht, rinneadh cóip leictreonach de gach ráiteas tabhartas a fuair an Coimisiún um Chaighdeáin ó iarrthóirí neamhrathúla ag corrthoghchán na Dála a chur faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

I gcomhréir le halt 37(1) den Acht, rinneadh cóip de gach ráiteas ar chostais toghcháin a soláthraíodh don Choimisiún um Chaighdeáin maidir le corrthoghchán na Dála, agus a bhfuil an Coimisiún um Chaighdeáin sásta gur comhlánaíodh iad i gceart, a chur faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Tá ráitis na dtabhartas agus na ráitis ar chostais toghcháin ar fáil ar láithreán gréasáin an Oireachtais ag www.oireachtas.ie agus ar láithreán gréasáin an Choimisiúin ag www.sipo.ie.

I gcomhréir le hAlt 73 den Acht, tá ráitis na dtabhartas agus na ráitis ar chostais toghcháin a fuair an Coimisiún um Chaighdeáin, chomh maith leis na sonraisc, fáltais nó dearbháin ábhartha, le cur ar fáil chun gur féidir leis an bpobal iad a iniúchadh agus a chóipeáil, ag oifigí an Choimisiúin um Chaighdeáin.

Ceanglaítear in Alt 73 den Acht go gcuirtear ráitis na dtabhartas agus na ráitis ar chostais toghcháin a fuair an Coimisiún um Chaighdeáin, chomh maith leis na sonraisc, fáltais nó dearbháin ábhartha, ar fáil chun gur féidir leis an bpobal iad a iniúchadh ag a oifigí ag 6 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, D02 W773. I gcomhthéacs phaindéim reatha COVID-19, tá oifigí an Choimisiúin dúnta do ghlaoiteoirí. Ní féidir, ar an ábhar sin, cáipéisí a chur ar fáil chun gur féidir leis an bpobal iad a iniúchadh i bpearsan. Is féidir cóipeanna a chur ar fáil i ndiaidh iarratas a dhéanamh leis an gCoimisiún trí ríomhphost a sheoladh chuig info@sipo.ie nó trí ghlao ar (01) 639-5666.